

**An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht  
Thógtha**

**2018**

**CIORCLÁN TREORACH**

Samhain 2017

## Clár Ábhar

---

1.	Cúlra agus Cuspóir na Scéime	2
2.	Cáilitheacht	4
3.	An Próiseas Measúnaithe agus Iarratais	6
4.	Aisíocaíocht an Chistithe	11
5.	Faisnéis Ghinearálta	13

## Giorrúcháin

---

LCA	Limistéar Caomhantais Ailtireachta
OCA	Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta
An SIOT	An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha
An RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
An RTPPRÁ	Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
ÚÁ	Údarás Áitiúil
An ACOG	An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
An FNOA	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta
TSC	Taifead na Struchtúr faoi Chosaint
An SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthanana hÉireann
An CSB	An Cisteum Struchtúirim Baol

### Aguisíní:

- I Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha*
- II Foirm A – Le comhlánú ag an Iarratasóir*
- III Foirm B – Le comhlánú ag an Údarás Áitiúil*
- IV Foirm C – Le comhlánú ag an Údarás Áitiúil*

## 1. Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Soláthraítear sa treoir seo an fhaisnéis d'údaráis áitiúla maidir le hoibriú agus riar **na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (an SIOT) 2018**.

### 1.1 Cúlra

Imríonn cáilíocht ár dtimpeallachta stairiúla tógtha tionchar trom ar ár saol laethúil. Cuireann sé le beogacht ár gcathracha, bailte, sráidbhailte agus na tuaithe agus cothaíonn sé mórtas áite, agus cuireann sé feabhas ar cháilíocht ár saoil laethúil.

Cuireann an timpeallacht go mór le rath geilleagrach trí infheistíocht a mhealladh, fostaíocht dhíreach agus indíreach a sholáthar, anuas ar bhonn scileanna traidisiúnta a chothú lena chur i bhfeidhm níos fairsinge. Tá ár n-oidhreacht ar cheann de na nithe is mó a mheallann cuairteoirí go hÉirinn, mar sin neartaíonn caomhnú agus cur chun cinn na hoidhreachta sin ár dtionscal turasóireachta agus cuireann sí le hathghiniúint ceantar uirbeach agus ceantair thuaithe trí oiriúnú, athúsáid inbhuanaithe agus trí shuíomh uathúil a sholáthar d'fhorbairt chuí nua - forbairt atá treoraithe go poiblí agus go príobháideach.

Shainnithin an Rialtas, comhlachtaí áitiúla rialtais agus páirtithe leasmhara oidhreachta eile, poiblí agus príobháideacha araon, go bhfuil ár dtimpeallacht stairiúil thógtha i mbaol ag roinnt tosca. Tá gnéithe tábhachtacha d'oidhreacht thógtha atá faoi úinéireacht phoiblí agus príobháideach á gcailleadh, táthar ag ligean dóibh dul in olcas nó tá díobháil nach féidir a chur ina ceart á déanamh dóibh.

#### Ról na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Is iad na príomhlimistéir freagrachta atá ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an RCOG) i ndáil le hoidhreacht thógtha ná chun beartais agus reachtaíocht a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun an oidhreacht a chosaint agus chun dea-chleachtas i gcaomhnú na hoidhreachta a chur chun cinn.

Faoi mar a leagtar amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin lena ngabhann, gníomhaíonn an RCOG thar ceann an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an ACOG) ina feidhm mar chomhlacht forordaithe ar mhaithe le cosaint na hoidhreachta ailtireachta, agus tugann sé faoina mhacasamhail de ról maidir le cosaint seandálaíochta agus na hoidhreachta nádúrtha.

Is iad príomhchoimeádaithe struchtúr, a chosnaítear faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, a n-úinéirí agus a n-áititheoirí, agus leagtar an fhreagracht orthu, anuas ar na húdaráis áitiúla, as a gcosaint.

## 1.2 Cuspóir na Scéime

Forbraíodh an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha chun cabhrú le deisiú agus caomhnú struchtúr a chosnaítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). I gcásanna áirithe, tá an scéim ar fáil, chomh maith, chun struchtúir a chaomhnú laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAanna) sa chás, i dtuairim an údaráis áitiúil, gur léiríodh go dteastaíonn oibreacha chun barr feabhais a chur ar charachtar agus cuma an LCA. Is é príomhchuspóir na scéime chun tacú le maoin atá faoi úinéireacht phríobháideach a dteastaíonn deisiú agus caomhnú uathu.

**Lorgaíonn an scéim seo chun caipiteal príobháideach a ghairáil lena infheistiú i líon suntasach tionscadail dlúthshaothair bheagscála chaomhnaithe ar fud na tíre agus chun tacú le gairmithe caomhnaithe agus ceardaithe oilte agus taitheocho chun an timpeallacht stairiúil thógtha a dheisiú.**

**Tá ar údaráis áitiúla tuairisciú a dhéanamh leis an RCOG maidir leis an bhfostaíocht a chruthaítear faoin scéim seo.**

## 1.3 Oibriú na Scéime

Oibreofar an scéim seo i gcaitheamh 2018, agus éileofar an cistiú laistigh den bhliain féilire sin. Riarfaidh na húdaráis áitiúla an scéim, agus leithdháilfear méid áirithe ar gach ceann ón gciste foriomlán €2 milliún, faoi mar a chinneann an RCOG.

Is féidir leis an gciste seo tacú, chomh maith leis sin, le tionscadail ina gcuimsítear scéim oiliúna scileanna traidisiúnta. Sainithneofar aon chinn de na tionscadail siúd nuair a phléifear leis an údarás áitiúil ábhartha agus beidh comhaontú le déanamh orthu leis an RCOG.

## 1.4 Cistí Comhfhreagracha

FaoinSIOT, níorcheart do luach iomlán an chisithe poiblí go léir a sholáthraítear do thionscadail aonair 50% de chostais iomlána an tionscadail a shárú, cistiú ina measc a fhaightear ó ghníomhaireachtaí poiblí eile, an SEAI, an Chomhairle Oidhreachta, LEADER, ranna rialtais agus údaráis áitiúla eile ina measc. Ní féidir obair dheonach (sochar comhchineáil) nó cistí/ranníocaíochtaí féin údarás áitiúil nó cistiú ó fhoinsí eile státchiste a úsáid chun riachtanas an chaiteachais chomhfhreagraigh a shásamh.

Faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil, i ndiaidh comhaontú scríofa a fháil ón RCOG, cistiú a leithdháileadh ar thionscadal sa chás go sáraíonn an cistiú iomlán poiblí 50% de chostas iomlán an tionscadail. Níl súil leis ag an RCOG go dtiocfadh na cúinsí eisceachtúla siúd aníos i gcás breis agus 20% de leithdháileadh iomlán an Údaráis Áitiúil.

**Caithfidh a chomhionann de ranníocaíocht ó chistí príobháideacha gabháil le leithdháileadh foriomlán an Údaráis Áitiúil.** Mar shampla, má leithdháiltear €50,000 ar Údarás Áitiúil, caithfear €50,000 de chistí príobháideacha, ar a laghad, a chaitheamh.

## 2. Cáilitheacht

### 2.1 Saghsanna de Struchtúir Cháilitheacha

**Struchtúir faoi chosaint.** Struchtúir atá curtha san áireamh i dTaifead na Struchtúir faoi Chosaint (an TSC) de chuid gach limistéar údaráis áitiúil

**Struchtúir faoi Chosaint a Bheartaítear.** Struchtúir a bheartaítear a chuimsiú sa TSC ach nár faomhadh go foirmiúil iad go fóill. Caithfear na struchtúir siúd a chur leis an TSC faoin 31 Nollaig 2018

**Struchtúir i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAanna), nólaistigh de chonláiste Séadchomhartha Náisiúnta,** sa chás go measann an Roinn go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist

### 2.2 Úinéireacht/Áitiú ag Údarás Poiblí

Is féidir **20% amháin, ar a mhéid,** de leithdháileadh foriomlán cistithe gach ÚÁ a úsáid do struchtúir faoi úinéireacht/áitiú poiblí

**Caithfear a chomhionann de chistí príobháideacha a sholáthar a dhéanann an ÚÁ a leithdháileadh, ar an iomlán.**

### 2.3 Iarratasóirí a bhfuil Faoiseamh Cánach gaolmhar á fháil acu

Sa chás go bhfuair iarratasóir faoiseamh cánach faoi **Alt 482** den *Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (arna leasú), (Alt 19 den *Acht Airgeadais, 1982* roimhe seo) agus/nó sa chás go bhfuair an t-úinéir/áititheoir faoiseamh cánach faoin **Scéim um Fheabhsúcháin Tíno** faoi **Thionscnamh na Cathrach Beo**. Tá an dualgas, áfach, ar an úinéir/áititheoir a bhfuil an faoiseamh cánach a thuasluaitear á fháil aige/aici, chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas ar aon chistiú a fhaightear tríd an scéim seo. Cuirfidh an RCOG liosta iarratasóirí rathúla faoin scéim seo ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim.

### 2.4 Cistiú Tionscadal

Is ionann a bheidh an cistiú íosta a bhronntar ar thionscadail rathúla agus **€2,500** a mhéid le **€15,000**. Leithdháilfidh an ÚÁ cistiú do thionscadail bunaithe ar phróiseas ceart measúnaithe (féach Mír 3). Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail bheagscála dlúthshaothair. Ba cheart go léireodh tionscadail réimse scileanna caomhnaithe, agus níor cheart dóibh a bheith dírithe ar limistéar tíreolaíochta ar leith ná ar shaghas ar leith de struchtúr.

### 2.5 Ceanglais Reachtúla

**Ceanglais Reachtúla:** caithfidh na hoibreacha atá faofa do dheontais na ceanglais reachtúla go léir a chomhlíonadh, cead pleanála ina measc. Sa chás go mbeartaítear oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/shéadchomharthaí atá á gcosaint faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004*, caithfear na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh chun fógra a thabhairt nó le haghaidh toiliú ón Aire faoi na hAchtanna siúd.

Sa chás go lorgaíonn iarratasóir dearbhú faoi Alt 5 nó Alt 57 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), chun oibreacha sonracha a fhágáil ar lár ó rialú pleanála atá mar ábhar iarratais ar dheontas, ba cheart an iarraidh a phróiseáil a thapúla agus is féidir ag an údarás áitiúil ábhartha. Ní féidir ach oibreacha nach ndéanadh difear ábhartha ar

charachtar an struchtúir, nó aon ghné de, a chuireann lena ábhar spéise ar leith, a fhágáil ar lár ó cheanglas chun cead pleanála a fháil ar an mbealach seo.

**Ceanglófar ar iarratasóir cóipeanna a sheoladh ar aghaidh den chead, dearbhú, fógairt nó toiliú ábhartha go léir nuair a dhéantar éileamh ar dheontas.**


Tá an dualgas ar an iarratasóir chun gach ceanglas reachtúil eile ábhartha a chomhlíonadh, ar nós na nAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (más infheidhme), na reachtaíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus na reachtaíochta comhshaoil agus fostaíochta. Cuirtear an méid seo ar a leanas ar aird an údaráis áitiúil: (*An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2012*) *Speicis Ainmhithe a Dhianchosaint: Treoir d'údaráis áitiúla ar Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur i bhfeidhm ar fhorbairt/oibreacha a dhéantar ag thar ceann údarás áitiúil. Tá foilsiú na dTreoirlínte d'Éirinn maidir le Maolú Ialtóg Éire (2006) ar fáil ar láithreán gréasáin an RCOG ag: <https://www.npws.ie/foilseacháin/search?title=bat+mitigationagus>*

## **2.6 Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha**

**Sonraítear na hOibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha faoi mar a leagtar amach iad in Aguisín 1 leis an gCiorclán seo.**

### 3. An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe

#### Léargas Ginearálta ar an bPróiseas



### 3.1 Léargas Ginearálta

Déanfaidh gach ÚÁ iarratais faoin scéim a fhógairt, a mheasúnú agus a fhaomhadh agus déanfaidh sé cigireacht ar agus a dheimhniú gur tugadh oibreachachun críche i gcomhréir le dea-chleachtas caomhnaithe.

Ba cheart don ÚÁ cóip leictreonach den chiorclán seo, an bhileog faisnéise poiblí agus an fhoirm iarratais ábhartha a chur in airde ar a láithreán gréasáin.

*Cinntoidh ÚÁanna, chomh maith, go ndéanfar oibreacha caomhnaithe a bheartaíonn na hiarratasóirí a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair ag gairmí/gairmithe caomhnaithe foirgnimh taithíoch(a) agus a bhain na cáilíochtaí cuí amach. Aithníonn an RCOG go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann ina leith seo nuair a chuirtear scála agus cineál na n-oibreacha san áireamh atá á bheartú nó sa chás go mbíonn an saineolas sonrath ag an gcleachtóir, e.g. tuíodóir nó saor cloiche. Caithfidh ÚÁanna a chinntiú go mbeidh na deimhniúcháin riachtanacha go léir ag teastáil fad a bhíonn oibreacha ar bun agus ar a gcur i gcrích.*

Déanfaidh ÚÁanna measúnú ar gach iarratas trí úsáid a bhaint as na critéir a leagtar amach i **Mír 3.4**.

### 3.2 An Próiseas Iarratais d'Úinéirí/Áititheoirí

Caithfear iarratais a dhéanamh leis an ÚÁ ábhartha (trí úsáid a bhaint as **Foirm A**) faoi spriocdháta a leagann an ÚÁ amach ach tráth nach déanaí ná **an 31 Eanáir 2018**.

Sa chás nach úinéir ar struchtúr incháilithe an t-iarratasóir, beidh ar an iarratasóir litir a sholáthar in éineacht le **Foirm A** ón úinéir a dhearbhaíonn go bhfuil cead an úinéara ag an iarratasóir chun tabhairt faoin obair.

Sa chás go bhfuil an struchtúr faoi úinéireacht ÚÁ, nó sa chás go bhfuil cúnamh airgeadais á sholáthar ag ÚÁ d'oibreacha ar struchtúr atá i mbaol faoi Alt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is féidir le hoifigeach den ÚÁ an t-iarratas a dhéanamh a fhad agus a dhéanann an Stiúrthóir Seirbhísí é a chomhshíniú.

Mar gheall gur scéim gearála í seo atá dírithe ar phoist a chruthú, tá sé ríthábhachtach go soláthraíonn iarratasóirí sonraí chuig an ÚÁ maidir le **sochar fostaíochta** na scéime, **líon iomlán na laethanta** measta (is ionann lá agus 8 n-uaire an chloig ar mhaithe le cuspóirí na scéime seo) d'fhostaíocht a theastaíonn d'fhad an tionscadail (foireann tógála agus ghairmiúil agus daoine eile ina measc) agus an méid measta de **chistiú comhfhreagrach a ghíarúiltear go príobháideach**.

Ba cheart go mbeadh na hoibreacha a bheartaítear i gcomhréir leis na caighdeáin dea-chleachtas, faoi mar a dtugtar cuntas air in [Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Pleanála \(2011\)](#) agus i bhfoilseacháin [Sraith Comhairle](#) na Roinne. Caithfear na treoirlínte maidir leis an bPróiseas Seandálaíochta agus Pleanála a d'eisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus na bileoga treorach a thabhairt san áireamh a d'eisigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an NPWS) maidir le gnáthóga agus speicis sa chás gur cuí.



### 3.3 Grianghraf

Ba cheart go lorgódh ÚÁanna grianghraif dhigiteacha ar ardchaighdeán den tionscadal ón iarratasóir sula gcuirtear tús leis na hoibreacha, a bhféadfaí iad a úsáid, níos déanaí, chun comparáid 'roimh agus i ndiaidh' a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí tuairiscithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, féadfaidh an RCOG aon íomhá nó na híomhánna go léir a úsáid a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó an ÚÁ chun an SIOT a fhógairt nó a phoibliú. Moltar d'iarratasóirí agus ÚÁanna chun cead a fháil chun íomhánna a úsáid (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid an RCOG iad.

### 3.4 An Próiseas Measúnaithe

Ba cheart do phainéal saineolach laistigh den ÚÁ measúnú a dhéanamh ar iarratais, an tOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, nó, sa chás nach bhfuil OCA fostaithe, comhalta de líon foirne gairmiúla an ÚÁ atá inniúil chun tabhairt faoin bhfeidhm seo. Sa chás nach bhfuil foirm iarratais iomlán, ba cheart fógra a thabhairt d'iarratasóir a luaithe agus is féidir agus ba cheart iarraidh air/uirthi aon fhaisnéis nár soláthraíodh go dtí seo a sholáthar. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar iarratais faoi na critéir seo a leanas a mbaineann an tábhacht chéanna leo:

#### 1. Tábhacht an Struchtúir

#### 2. Éifeachtúlacht na nOibreacha

Ba cheart d'iarratasóirí a mhíniú conas a léiríonn méid an chistithe a lorgáitear **luach ar airgead** agus conas a chuireann sé go mór le rioscaí a dhíbirt agus conas a chuireann sé cosc ar dhul in olcas breise an struchtúir, agus a chinntíonn sé, dá bharr, go leanfaidh sé a bheith ann amach anseo.

#### 3. Tairbhí Fostaíochta

Ba cheart **luach an chruthaithe post** don tionscadal ar leith a chur san áireamh, chomh maith, an líon measta laethanta fostaíochta ina measc.

### 3.5 Sceideal na dTionscadal

Tá ar an ÚÁ sceideal sealadach tionscadal a sheoladh chuig an RCOG trí úsáid a bhaint as **Foirm B faoin 16 Feabhra 2018. Caithfidh an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha an fhoirm seo a dheimhniú agus caithfidh nóta cumhdaigh atá sínithe aige/aici gabháil léi.**

### 3.6 An Cistiú a Bronnadh a Fhógairt

I ndiaidh go ndéanann an Roinn faomhadh foirmiúil, ba cheart do ÚÁanna fógra a thabhairt d'iarratasóirí rathúla maidir le tairiscintí **sealadacha** cistithe. Ba cheart go leagfaí amach ann seo an leibhéal cistithe a faomhadh, an amlíne chun na hoibreacha a chur i gcrích, agus téarmaí agus coinníollacha an bhronnta. Is féidir leis an ÚÁ smachtbhanna deiridh a thabhairt a luaithe a shásaíonn an t-iarratasóir aon choinníollacha nár réitíodh go fóill, ráiteas modha a sholáthar ina measc siúd, má iarrtar air.

Foilseofar tionscadail ar ar bronnadh cistiú faoin scéim seo ar láithreán gréasáin an RCOG agus ba cheart iad a fhoilsiú, chomh maith, ar láithreán gréasáin féin an ÚÁ.

### 3.7 Tuarascálacha Rialta ar Dhul chun Cinn (Foirm B)

Ceanglaítear ar ÚÁanna chun **Foirm B** a nuashonrú agus a sheoladh ar aghaidh ag eatraimh rialta leis an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- dul chun cinn oibreacha
- méid an chistithe a éilítear (má éilítear aon chistiú)
- méid an chistithe phríobháidigh a ghíaráiltear (má ghíaráiltear aon chistiú), agus
- líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (má cruthaíodh aon laethanta)

Caithfear **Foirm B** a sheoladh ar aghaidh chuig an RCOG **an 29 Meitheamh 2018, an 7 Meán Fómhair 2018** agus **an 2 Samhain 2018**. I ngach cás, caithfear **Foirm B** a sheoladh ar aghaidh le Dearbhú Tuarascála ar Dhul chun Cinn atá sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha.

### 3.8 Monatóireacht a dhéanamh ar Dhul chun Cinn an Tionscadail

Déanfaidh an ÚÁ monatóireacht ar dhul chun cinn tionscadal lena chinntiú go gcuirfear oibreacha i gcrích agus go seoltar an t-éileamh ar chistiú ar aghaidh faoi na spriocdhátaí riachtanacha. Sa chás nach bhfuil oibreacha ag leanúint ar aghaidh i gcomhréir leis na spriocdhátaí, féadfaidh an ÚÁ, faoina lánrogha, an cistiú a aistarraingt agus é a athdháileadh ar thionscadal eile. Caithfear an RCOG a chur ar an eolas ar gach athdháileadh cistithe. Más mian le húdarás áitiúil cistiú a athdháileadh ar thionscadal nár faomhadh i dtosach báire don scéim seo, beidh seo faoi réir fhaomhadh an RCOG.

Tabhair faoi deara, le do thoil, féadfaidh an RCOG tabhairt faoi chigireachtaí ar struchtúir a bhfuil breithniú á dhéanamh orthu le haghaidh cistiú, má mheastar go bhfuil sin riachtanach.

### 3.9 Cistiú a Athdháileadh

Sa chás nár cuireadh tús le hoibreacha faoin **28 Meán Fómhair 2018**, ba cheart seo a thabhairt le fios i **bhFoirm B**. Indiaidh dul i gcomhairle leis an ÚÁ ábhartha, tá an ceart ar cosaint ag an RCOG chun cistiú a athdháileadh ar ÚÁ eile, ar thionscadail a shásaíonn na critéir don scéim ina measc, sa chás gur tháinig géarghá chun solais i gcaitheamh na bliana.

Sa chás nach bhfuil cistiú tarraingthe síos go fóill ag iarratasóirí faoin **29 Meán Fómhair 2018**, ba cheart seo a thabhairt le fios i **bhFoirm B** nuair a chuirtear faoi bhráid an RCOG í.

Féadfaidh an Roinn, faoina lánrogha, cistí neamhúsáidte faoin scéim a athdháileadh ar oibreacha a bheartaíonn ÚÁanna sa chás gur tháinig géarghá aníos i ndiaidh spriocdháta an iarratais agus go gcaileodh na hoibreacha ar bhealach eile don scéim.

### 3.10 Ráiteas Modha

Ba cheart do gach iarratasóir **ráiteas modha**, a chuireann gairmí/gairmithe inniúil/inniúla caomhnaithe le chéile) – féach mir 3.1 – a sheoladh ar aghaidh a fuair faomhadh sealadach cistithe sula gcuirtear tús leis na hoibreacha. Má coimisiúnaíodh Plean Caomhnaithe nó Ráiteas Modha cheana féin, féadfaidh an ÚÁ, faoina lánrogha, glacadh leis seo mar chuid den iarratas. Is faoin ÚÁ a bhíonn sé a dheimhniú cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn ábhar forlíontach (e.g. tuarascálacha deindreacroineolaíochta, tuarascálacha seandálaíochta, taighde teicniúil, anailís ar ábhair, líníochtaí anailíseacha agus tríthoiseacha, taighde mionsonraithe stairiúil, suirbhéanna ar ialtóga, etc.)

## Nóta Gearr Treorach maidir le Ráiteas Modha

Ba cheart go ndéanfaí cur síos sa Ráiteas Modha ar bhail an struchtúir agus ba cheart go sonróaí ann an mhodheolaíocht chaomhnaithe a úsáidfear. Ba cheart go mbeadh sé cuí do chineál agus scála na n-oibreacha a bheartaítear e.g. ní theastóidh an méid céanna sonraí ó ráiteas modha maidir le hatuódóireacht a bheidh ag teastáil le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta.

Caithfidh na hoibreacha a bheartaítear cloí le **dea-chleachtas caomhnaithe** faoi mar a dtugtar cuntas air in **Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála**. Ba cheart go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint ar an struchtúr, agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as ábhair chúí. Ba cheart go mbeadh sé de chuspóir acu stad a chur le meathlú breise trí dhul i ngleic leis sin is cúis leis an struchtúr a chur i mbaol. Ba cheart a laghad ábhar bunúil agus is féidir a ionadú agus níor cheart seo a dhéanamh ach nuair a bhíonn gá iomlán leis. Ba cheart go n-áireofaí leis an Ráiteas Modha:

### 1. An struchtúr reatha

Cur síos, ina bhfuil a ghnéithe suntasacha go léir breachta síos, an chuma atá air, a shuíomh, a fhoirm, an bhail atá air, an fheidhm a bhaintear as faoi láthair, an tábhacht a bhaineann leis, stair ghearr ailtireachta (má tá fáil air), agus na hábhair a bhfuil sé déanta díobh. Ina theannta sin, caithfear léarscáil de shuíomh an láithreáin atá den scála agus den cháilíocht oiriúnach **atá marcáilte go soiléir** a sholáthar chomh maith.

### 2. Cur síos gonta ar na hoibreacha a bheartaítear

Ba cheart go sainaitheofaí ann seo na saincheisteanna is cúis le baol, cén oibreacha deisiúcháin a bheartaítear, conas a dhéanfar an obair, cén ábhair a úsáidfar, agus conas a chaomhnófar creatlach an fhoirgnimh. Caithfear a áireamh leis na pleananna, líníochtaí agus na meáin amhairc ábhartha lena dtacaíonn, ar nós grianghraf nó léaráidí eile agus ba cheart go n-áireofaí leis, go tipiciúil, na saincheisteanna seo a leanas:

- a) An bhfuil na hoibreacha sealadach nó buan?
- b) Cén saghas deisiúchán atá á bheartú agus ag cén láithreacha a bheartaítear iad?
- c) Cén cóireáil/ionadú creatlaí a bhfuil díobháil déanta di a bheartaítear?
- d) Cén ábhair ionaid (más ann dóibh) a chorprófar?
- e) Sonraí faoi mhaoirseacht agus monatóireacht ar an láthair
- f) Sceideal gearr ar na hoibreacha nó sraith na n-oibreacha
- g) Costas measta tionscadail

### 3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe a bheartaítear (más infheidhme)

Aon tionchar dóchúil a imreoidh na hoibreacha oibre ar struchtúr agus bealaí chun drochthionchar a mhaolú. Féadtar a áireamh le maolú dearadh, uainiú agus modheolaíocht (i.e. deisiúcháin dín atá uainithe lena sheachaint cur isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó oibreacha rindreála atá uainithe chun ligean do mhoirtéal aoil éirí crua), inaisathraitheacht, ábhair a roghnú go cúramach, etc.

## 4. Cistiú a Aisíoc


### 4.1 Léargas Ginearálta ar an bPróiseas Aisíocaíochta

Tá Údarás Áitiúla (ÚÁanna) freagrach as cistí a íoc faoin scéim; le hiarratasóirí rathúla **sula** lorgaíonn siad seeking aisíocaíocht ón RCOG. **Caithfear na hoibreacha go léir a chur i gcrích agus a bheith deimhnithe ag an ÚÁ** sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht cistithe a lorg.

Caithfidh Foirm C Éileamh ar Aisíocaíocht a bheith comhlánaithe, sínithe agus seolta ar ais chuig an Roinn faoin **2 Samhain 2018** Caithfidh Foirm B deiridh gabháil leis an bhfoirm, anuas ar chruthúnas gur íocadh cistiú le gach iarratasóir rathúil, e.g. asphrionta ó Agresso nó óna mhacasamhail de chóras airgeadais (a léiríonn ainm an iarratasóra agus dáta na híocaíochta araon). Ba cheart do ÚÁanna an RCOG grianghraif dhigiteacha shoiléire ar chaighdeán maith d'oibreacha a sheoladh ar aghaidh (roimh agus i ndiaidh) chun sampla léiritheach de thionscadail a sholáthar agus ba cheart go ngabhadh tuairisc achomair ghearr leis seo ar na hoibreacha tionscadail a cuireadh i gcrích.

**Tabharfar aon chistiú nach bhfuil éilithe faoin spriocdháta suas.**

## An Próiseas Aisíocaíochta



## 4.2 Cistiú Státhiste Eile

B'fhéidir go mbeidh tionscadail incháilithe chun cistiú a fháil ó bhreis agus scéim amháin a chistítear go poiblí. Lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanaisidtaobhcistiúcomhfhreagrach don SIOT, ba cheart don ÚÁ faisnéis a sholáthraíonn an t-iarratasóir a chros-seiceáil maidir le cistiú ó scéimeanna eile. An méid seo a leanas, ach go háirithe:

- An Scéim Deontais Tuíodóireachta a riarann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (más ábhartha)
- Deontais chaomhnaithe a riarann an Chomhairle Oidhreachta
- Cláir Oidhreachta Thógtha a riarann an RCOG (an Cisteum StruchtúirimBaol)
- Scéimeanna um Fheabhsú Fuinnimh a oibríonn an SEAI (más ábhartha)

Sa chás go ndearna iarratasóir iarratas ar nó sa chás go bhfuair sé/sí cistiú ó scéimeanna eile atá comh-mhaoinithe ag an AE (e.g. Clár LEADER) d'oibreacha a faomhadh faoin scéim seo, **ní mór nach sáraíonn** iomlán carnach an chistithe sin **agus** an cistiú faoin scéim seo **na teorainneacha a leagtar amach sna scéimeanna Cistithe Eorpacha siúd**

## 4.3 Caiteachas Incháilithe

Ceadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** faoin scéim seo. Ach amháin don chuid sin de na hoibreacha caipitiúla atá á gcistiú agus ach amháin faoi chúinsí nach bhfuil an CBL sin inghnóthaithe faoin scéim seo ar aon bhealach eile.

Ceadaítear **Táillí Gairmiúla** i dtaca leis an gcuid sin d'oibreacha caipitiúla atá á gcistiú ag an scéim.

#### 4.4 Aisíocaíochtaí

Má dhéantar struchtúr faoi chosaint ar a mbronntar cistiú **a scriosadh ón TSC**, a dhíol, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a íoctar cistiú faoin scéim, tá an ceart ar cosaint ag an ÚÁ chun roinnt de na cistí nó na cistí go léir a bronnadh ar an tionscadal sin a 'aisghlámadh'. Sa chás go n-aistrítear úinéireacht sula ndéantar cistí a íoc faoin scéim seo, féadfaidh an ÚÁ socruithe a dhéanamh chun an cistiú a aistriú chuig úinéir nua na maoinne.

I gcás **struchtúr faoi chosaint a bheartaítear** ar bronnadh cistiú orthu agus **nár cuireadh leis an TSC** faoin 31 Nollaig 2018, tá an ceart ar cosaint ag an Roinn chun aisíocaíocht a lorg.

Caithfear aon chistiú a sholáthraítear don ÚÁ a dhéantar a aisghabháil ina dhiaidh sin faoi Alt 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ó úinéir/áititheoir an struchtúir chistithe, a **aisíoc** leis an RCOG.

## Faisnéis Ghinearálta

Tá ar an ÚÁ a a chinntiú go leantar nósanna imeachta cearta maidir le cead pleanála, riachtanais bhainistíochta airgeadais, nósanna imeachta imréitigh cánach, agus bainistíocht agus cuntasacht do dheontais ó chistí stáitchiste.

### Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht

Ba cheart do gach ÚÁ faisnéis a chur san áireamh ar an oibriú a dhéanann siad ar an scéim ina dTuarascáil Bhliantúil. Ba cheart rannchuidiú an RCOG a aithint go poiblí i ngach fógra agus poiblíocht maidir leis an scéim seo.

#### An tAcht um Shaoráil Faisnéise

B'fhéidir go mbeidh iarratais ar chistiú faoin scéim seo faoi réir na *nAchtanna um Shaoráil Faisnéise*.

#### Cáipéisí a Choinneáil

Caithfear an cháipéisíocht cheart i ndáil leis an scéim seo a choimeád i gcomhad ar feadh 7 mbliana, ar a laghad. Ba cheart cáipéisíocht a chur ar fáil don RCOG ar iarraidh sin.

#### An Nós Imeachta Achomhairc

Tá cinntí an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an ÚÁ críochnaitheach. Ba cheart don ÚÁ dul i ngleic le haon saincheistanna i dtaca le riaradh na scéime seo sa chéad ásc. Sa chás go ndéantar gearán, ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas ar an gceart atá acu go n-atreorófar iad chuig Oifig an Ombudsman.

#### Teagmháil

Chun teacht ar bhreis faisnéise i dtaca le hoibriú na scéime seo, ba cheart d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an rannóg ábhartha den ÚÁ sa chéad ásc. Féadfaidh ÚÁanna teagmháil a dhéanamh le Rannóg **Oidhreachta Tógtha, Beartas Ailtireachta agus Bonneagair Straitéisigh** na Roinne.

\*B'fhéidir go mbeidh ceanglais chánach faoi réir athrú ag na Coimisinéirí Ioncaim

